18. Árachais Ginearálta

Tá fabhrú déanta ar na dliteanais go léir ar eolas dúinn ag baint le héilimh a bhfuil deireadh leo. Chuir ár gcuid árachóirí, Irish Public Bodies Mutual Insurances Ltd, in iúl, i leith éilimh faoi láthair nach bhfuil críochnaithe go fóill, go bhféadfadh dliteanas de €4,300,000 a bheith orthu nach bhfuil fabhraithe go dtí seo. Ní fios cé acu a tharlóidhse seo nó nach dtarlóidh sna blianta amach romhainn.

Suas go dtí 2002, agus an bhliain sin san áireamh, dhíol Comhairle Chontae Dhún na nGall na préimheanna ab ísle ar Árachas Dliteanas Poiblí.
Cuireann ár n-árachóirí, Irish Public Bodies Mutual Insurances Ltd, billí chugainn ag an Ráta Retro, sé sin an difríocht idir an phréimh is ísle agus an phréimh is airde, bunaithe ar an taithí atá acu ar na héilimh a dhéanann muid. Suas go dtí an 31 Nollaig 2002, tá fabhrú déanta ar an méid seo sna Ráitis Airgeadais Bliantúla.

I 2005, dhíol Comhairle Chontae Dhún na nGall préimh glan de €1.377 milliún i leith Árachas Dliteanas Poiblí.